Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 25 Feabhra 2020
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0148(COD)**

**14649/2/19**
**REV 2 ADD 1**

**ENER 529**
**ENV 970**
**TRANS 561**
**CONSOM 328**
**CODEC 1709**
**PARLNAT 68**

**RÁITEAS AR CHÚISEANNA NA COMHAIRLE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Seasamh na Comhairle ar an gcéad léamh d'fhonn go nglacfaí RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le lipéadú bonn i leith éifeachtúlacht breosla agus paraiméadair eile, lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/1369 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1222/2009<br>– Ráiteas ar chúiseanna na Comhairle<br>– Arna ghlacadh ag an gComhairle an 25 Feabhra 2020 |

## I. RÉAMHRÁ

1. Ar an 17 Bealtaine 2018, ghlac an Coimisiún an togra thuasluaite laistigh de phacáiste níos leithne de bhearta maidir le Soghluaisteacht Ísealcharbóin.

2. Chuathas i gcomhairle le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus le Coiste na Réigiún agus níor thug ach an chéad chomhlacht a thuairim uaidh an 17 Deireadh Fómhair 2018.

3. Ar an 4 Márta 2019, tar éis pléití ar leibhéal na Meithle um Fhuinneamh, tháinig an Chomhairle ar Chur Chuige Ginearálta[1].

4. Ar an 26 Márta 2019[2], ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh. Dhearbhaigh Parlaimint nuathofa na hEorpa an seasamh sin ina dhiaidh sin.

5. Ar an 10 Deireadh Fómhair 2019, cuireadh tús leis an gcaibidlíocht idir an dá chomhreachtóir. Tionóladh an dara cruinniú tríthaobhach neamhfhoirmiúil deiridh maidir leis an togra thuasluaite an 13 Samhain 2019 agus thángthas ar chomhaontú sealadach le Parlaimint na hEorpa.

6. Ar an 22 Samhain 2019, rinne Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1) anailís ar an téacs comhréitigh sealadach d'fhonn teacht ar chomhaontú[3].

7. Ar an 4 Nollaig 2019, chuir cathaoirleach an Choiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia, ar Coiste de chuid Pharlaimint na hEorpa é, litir[4] chuig Uachtarán Choiste na mBuanionadaithe (Cuid 1) á rá gurbh amhlaidh, dá nglacfadh an Chomhairle an seasamh uaithi ar an gcéad léamh i gcomhréir leis an téacs a ghabhann leis an litir sin, go molfadh sé don seisiún iomlánach glacadh leis an seasamh ón gComhairle gan aon leasú, faoi réir fíorú dlí/teanga, ar an dara léamh sa Pharlaimint.

[1] Tagairt: 6695/19.
[2] T8-0230/2019.
[3] Tagairt: 14152/19 agus 14152/19 COR 1.
[4] Tagairt (2019) 43576.

8. Ar an 16 Nollaig 2019, dheimhnigh an Chomhairle an comhaontú polaitiúil thuasluaite[5] d'fhonn Seasamh ar an gcéad léamh a ghlacadh.

9. Ar an 25 Feabhra 2020 ghlac an Chomhairle a Seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra sin, seasamh atá leagtha amach in 14649/19.

## II. CUSPÓIR

Chomh maith le Rialachán (CE) Uimh. 1222/2009 maidir le lipéadú bonn i leith éifeachtúlachta breosla agus paraiméadar riachtanach eile[6] a aisghairm, is iad na cuspóirí atá ag an togra seo raon feidhme an chreata rialála atá ann faoi láthair a shoiléiriú agus a leathnú tríd an méid a leanas a dhéanamh go príomha:

- na ceanglais an lipéad a chur ar taispeáint a leathnú le boinn C3 a chuimsiú;
- An lipéad boinn a thabhairt cothrom le dáta, lena bhféadfar é a athbhreithniú agus lena bhfeabhsófar a infheictheacht do thomhaltóirí;
- ceanglais a leagan síos i ndáil le díolachán ar líne agus ciandíolachán agus cásanna eile nuair nach bhfeiceann an tomhaltóir na boinn go fisiciúil;
- a éileamh go gcuirfear faisnéis maidir le feidhmíocht na mbonn sa sneachta agus ar an oighear san áireamh ar an lipéad;
- féachaint an bhféadfaí míleáiste agus scríobadh a áireamh mar pharaiméadair don lipéad, a luaithe a bheadh modhanna iomchuí tástála ar fáil;
- boinn athráchta a áireamh, a luaithe a bheidh modh iomchuí tástála forbartha chun feidhmíocht na mbonn sin a thomhas;
- a dhéanamh go bhféadfar athbhreithniú a dhéanamh ar aicmí feidhmíochta bonn trí ghníomhartha tarmligthe;
- oibleagáid boinn a chlárú i mbunachar sonraí *ad hoc* a áireamh.

5 Tagairt: Iarscríbhinn a ghabhann le Nóta 14640/19.
6 IO L 342, 22.12.2009.

## III. ANAILÍS AR SHEASAMH NA COMHAIRLE AR AN gCÉAD LÉAMH

### A. Ginearálta

Léiríonn an téacs comhréitigh a dheimhnigh an Chomhairle ar an 16 Nollaig 2019 an comhaontú ar ar tháinig na comhreachtóirí. Coimeádtar formhór chuspóirí thogra an Choimisiúin sa téacs sin agus tugtar na leasuithe is tábhachtaí a ghlac Parlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh ar aird ag an am céanna.

Go háirithe, ar an gcéad léamh, ghlac Parlaimint na hEorpa breis agus caoga leasú. Le linn an phlé a rinneadh ar leibhéal na Meithle um Fhuinneamh, rinne an Chomhairle anailís ar na leasuithe sin roinnt uaireanta.

Ón tús, ba chosúil nach raibh difríochtaí sonracha idir seasaimh na beirte comhreachtóirí maidir le cuid mhór forálacha. Dá bharr sin, ghlac an Chomhairle le formhór leasuithe Pharlaimint na hEorpa go páirteach ar a laghad, glacadh le cuid acu go substaintiúil, agus cuid eile acu glacadh leo go díreach ina bhfriotal mar a bhí. Le linn chéim na hidirbheartaíochta, tharraing Parlaimint na hEorpa siar roinnt leasuithe nó chuir sí deireadh leo.

### B. Na príomh-shaincheisteanna

Ar an iomlán, urramaíonn na modhnuithe ar an togra ón gCoimisiún a chuspóirí uileghabhálacha maidir leis an méid a leanas:

- tuilleadh eolais a thabhairt do thomhaltóirí faoi éifeachtúlacht breosla, sábháilteacht agus torann, agus boinn á gceannach acu;
- cruinneas an lipéid a fheabhsú, agus faisnéis ábhartha agus inchomparáide á soláthar ag an am céanna; agus
- an méid a rannchuidíonn an lipéid le dícharbónú na hearnála iompair a uasmhéadú.

Ag an am céanna, ba chosúil go bhfuair na comhreachtóirí an chothromaíocht cheart idir an uaillmhian a mhéid a bhaineann leis na cuspóirí thuasluaite agus an gá atá lena áirithiú go bhfuil an creat rialála infheidhme go héasca ag an earnáil agus/nó na húdaráis gan ualaí riaracháin nach bhfuil údar leo a leagan síos.

Go sonrach, is féidir na príomh-mhodhnuithe i gcomparáid leis an mbuntogra ón gCoimisiún a liostú mar a leanas:

a) Modhnaíodh Airteagal 2 chun a shoiléiriú go gcumhdófar boinn atráchta faoi raon feidhme an rialacháin nua mar a chumhdaítear aon bhoinn eile C1, C2 agus C3;

b) Leathnaíodh an liosta sainmhínithe in Airteagal 3, agus cuireadh roinnt sainmhínithe nua leis (mar shampla "aitheantóir an chineáil boinn") agus soiléiríodh nó sonraíodh cinn eile a thuilleadh (mar shampla "paraiméadar");

c) soiléiríodh a thuilleadh oibleagáidí soláthróirí agus/nó dáileoirí bonn mar a shainmhínítear in Airteagail 4 agus 6 iad: 1) maidir leis an bhféidearthacht a thugtar do na soláthróirí agus do na dáileoirí an lipéad boinn a chur ar fáil i dtaispeáint neadaithe, i gcás fógra amhairc le haghaidh boinn ar an idirlíon; agus 2) *i leith* na n-údarás cineálcheadaithe agus na n-údarás um fhaireachas margaidh. Ina theannta sin, cuireadh tuilleadh soiléirithe isteach maidir le ról na n-údarás sin agus tugadh isteach freisin an fhéidearthacht (seachas an oibleagáid) do na húdaráis sin fíoruithe breise a dhéanamh ar an lipéad;

d) cuireadh síneadh ama leis na dátaí uile a áirítear in Airteagail 5(1)(2), 11(5), 17 agus 18 maidir le hoibleagáidí soláthróirí bonn i leith an bhunachair táirgí agus oibleagáidí na mBallstát i leith an Choimisiúin, aisghairm an chreata rialála atá ann faoi láthair agus teacht i bhfeidhm;

e) cuireadh Airteagal 8 isteach chun comhsheasmhacht a áirithiú le hAirteagal 14 den Treoir maidir le Ríomhthráchtáil i dtaca le hoibleagáidí na soláthraithe seirbhísí óstála a cheadaíonn boinn a dhíol trína suíomh idirlín;

f) cuireadh Airteagal 12(4) isteach le soiléiriú go bhféadfaidh údaráis um fhaireachas margaidh na costais a bhaineann le doiciméid a iniúchadh agus le tástáil fhisiciúil a dhéanamh ar tháirgí a aisghabháil ón soláthróir i gcásanna nach gcomhlíonann an soláthróir an creat nua rialála ná na gníomhartha tarmligthe ábhartha arna nglacadh dá bhun;

g) modhnaíodh Airteagal 13 le cosc a chur le hathscálú aicmí na héifeachtúlachta breosla, an fhliuchghreama agus an torainn sheachtraigh rollta trí ghníomhartha tarmligthe. Os a choinne sin, tá an chumhacht ag an gCoimisiún anois gníomhartha tarmligthe a ghlacadh mar a leanas: 1) faoi dhá bhliain tar éis dháta theacht i bhfeidhm an rialacháin nua, d'fhonn é a fhorlíonadh, trí cheanglais faisnéise maidir le boinn atráchta a thabhairt isteach, ar choinníoll go bhfuil modh iomchuí tástála ar fáil; agus 2) d'fhonn paraiméadair nó ceanglais faisnéise maidir le scríobadh bonn agus míleáiste, a luaithe a bheidh modhanna iontaofa, cruinne agus in-atáirgthe chun scríobadh agus míleáiste bonn a thástáil agus a thomhas ar fáil lena n-úsáid ag eagraíochtaí Eorpacha nó idirnáisiúnta um chaighdeánú agus ar choinníoll go gcomhlíonfar dhá choinníoll (i.e. go mbeadh measúnú críochnúil tionchair, agus comhairliúchán cuí leis na geallsealbhóirí ábhartha, déanta ag an gCoimisiún);

h) níor glacadh le hathscálú aicmí na héifeachtúlachta breosla, an fhliuchghreama agus an torainn sheachtraigh rollta mar a mhol an Coimisiún in Iarscríbhinn I é. Mar sin féin, chuaigh na comhreachtóirí ar aghaidh chuig glanadh na n-aicmí folmha maidir le héifeachtúlacht breosla agus fliuchghreim;

i) cuireadh isteach picteagraim nua agus leagan amach nua an lipéid in Iarscríbhinní I agus II;

j) scriosadh Iarscríbhinn III a ghabhann leis an togra ón gCoimisiún;

k) in Iarscríbhinn IV, chuir na comhreachtóirí foráil nua isteach lena gceadaítear do sholáthraithe agus do dháileoirí, i gcásanna inarb ábhartha, a shoiléiriú go bhfuil boinn oighearghreama deartha go sonrach do dhromchlaí bóthair atá cumhdaithe le hoighear agus le dlúthshneachta, agus nár cheart iad a úsáid ach i ndálaí aeráide an-dian agus go bhféadfadh feidhmíocht fho-optamach a bheith mar thoradh ar úsáid a bhaint as boinn oighearghreama i ndálaí aeráide nach bhfuil chomh dian céanna, go háirithe i gcás fliuchghreama, láimhseála agus caithimh;

l) cuireadh Iarscríbhinn VII isteach le soiléiriú cén fhaisnéis a ba cheart a chur isteach sna codanna poiblí agus sna codanna a bhaineann le comhlíonadh den bhunachar sonraí táirgí.

## IV. CONCLÚID

Cuireann seasamh na Comhairle i dtreis príomhchuspóir an togra ón gCoimisiún agus déantar an comhréiteach ar thángthas air sa chaibidlíocht neamhfhoirmiúil idir an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa, le tacaíocht ón gCoimisiún, a léiriú go hiomlán leis.

Dearbhaíodh an comhréiteach sin i litir ó Chathaoirleach Choiste Pharlaimint na hEorpa um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh (ITRE) a seoladh chuig an Uachtaránacht, litir dar dáta an 4 Nollaig 2019. D'fhormhuinigh an Chomhairle ina dhiaidh sin é ar an 16 Nollaig 2019 tríd an gcomhaontú polaitiúil a dheimhniú d'fhonn Seasamh ar an gcéad léamh a ghlacadh.